

❁ An Lúibín ❁

31 Bealtaine 2011

Siompóisiam

Celtic Languages in Australia

Déardaoin 25 – Dé hAoine 26 Lúnasa 2011

Beidh sé ar siúl sa Seomra Caidrimh
Foirgneamh John Woolley
Ollscoil Sydney

Fáilteofar roimh pháipéir nó roimh léirithe de shaghas eile faoi stair na dteangacha Ceilteacha san Astráil nó faoin dearcadh a bheadh ag daoine ina leith. Táthar ag súil gurb é an toradh a bheidh ar an siompóisiam staidéar mór a dhéanamh ar na teangacha úd san Astráil. Dá bhrí sin, d'fhéadfaí tús áite a thabhairt do leabharliostaí criticiúla nó do shuirbhéanna ar phríomhfhoinsí nó ar fhoinsí tánaisteacha.

Más mian leat páipéar a thairiscint nó d'ainm a chur ar an liosta seachadta, cuir an méid sin in iúl, le do thoil, don

Dr Pamela O'Neill:

pamaladh@gmail.com

Tá an comhagallamh á chur i láthair ag an *Celtic Studies Programme* agus ag an *Working Party for Celtic Languages in Australia*.



Leabhair á ríomh

Le tamall maith anois tá ríomhleabhair ar fáil i nGaeilge. Is fada go mbeidh réimse iomlán na litríocht comhaimseartha againn go ríomhúil, ach tá fáil ar shaothair le Tomás Mac Síomóin agus le Maidhc Dainín Ó Sé agus roinnt aistriúchán ar nós *An Brón-Chluiche MacBeit* (*Macbeth* Shakespeare) agus leagan de *Alice in Wonderland*. Cló Litríocht an comhlacht atá i gceist, agus Tomás Mac Gearailt, fiontraí díograiseach na Gaeilge, a bhunaigh é.¹ Déanann Cló Litríocht speisialtacht de ríomhleabhair agus an teicneolaíocht dhigiteach is nua á húsáid chuige. Is í an aidhm atá aige leabhair chlóbhialte a thiontú go formáid dhigiteach chun athdháileadh a dhéanamh ar bhealach nua nó na saothair a chartlannú.

Deir an Gearaltach gur mór an borradh atá tagtha faoi mhargadh an ríomhleabhar i Meiriceá, agus i bhfad níos mó acu á ndíol anois ná leabhair pháipéir. Tá r-leabhair Ghaeilge le fáil anois ó Litríocht.com,² seirbhís díolta leabhar a bhunaigh an Gearaltach tamall de bhlianta ó shin. Mar a deir mo dhuine, tá buntáiste mór ag baint le leabhair den saghas sin sa mhéid gur féadir teacht gan dua ar leabhair áitiúla agus ar leabhair nach bhfuil i gcló a thuilleadh.

Tá bunphobal cathrach anois ag an nGaeilge, pobal atá fite fuaite san aois leictreonach, cuid díbh tugtha don léitheoireacht agus cuid bheag eile tugtha don chumadóireacht. Tá an r-leabhar thar a bheith oiriúnach dóibh, agus is iomaí duine den diaspora a cheannóidh iad. Níl cead ag an teanga gan a cuid féin a dhéanamh den dul chun cinn is déanaí i gcúrsaí teicneolaíochta, cé nach í an teicneolaíocht inti féin a thabharfaidh teanga slán. Tá sé

¹ 'Cló Litríocht: Ag tabhairt leabhar ar ais ó na mairbh!' Meadhbh Ní Eadhra, *Gaelscéal*, 11/3/2011: www.gaelsceal.ie.

² Féach www.litriocht.com.

de bhuntáiste ag an nGaeilge, áfach, pobal oilte acmhainneach a bheith á labhairt – mura bhfuil siad ann cheana, beidh i gceann glúine, agus sin beag beann ar bheartais oifigiúla an stáit. Daoine iad a bhaineann leas go nádúrtha as áiseanna mealltacha na ré seo, rud a théann ar sochar don teanga agus don chultúr nua atá ag roinnt leis. (Cloífidh an Lúibín, áfach, leis na seanrudáí idir an dá linn.)



An Gearaltach mór

Is gearr ó cailleadh Gearóid Mac Gearailt (1926-2011), scoláire, eacnamaí agus polaiteoir. Bhí sé trí huair ina Thaoiseach, ach is mó an clú a bhí air mar Aire Gnóthaí Eachtracha, post a bhí ag a athair roimhe. D'éirigh go seoigh leis an nGearaltach mar mhac léinn, go háirithe mar mhatamaiticeoir, agus chuaigh sé leis an bpolaiteocht ina dhiaidh sin. I gceann tamaill ceapadh é mar cheannaire Fhine Gael, agus thug sé isteach a lán polaiteoirí óga éirimiúla. Bhí meas air mar dhuine cóir ar fud na tíre.

Rinne sé iarracht ar dhearcadh liobrálach a chur i bhfeidhm ar shaol na hÉireann. B'fhuath leis an seicteachas, agus d'fhéach sé leis an gcolscaradh a dhéanamh dleathach, iarracht a chlis sa reifreann. D'éirigh leis dlí na frithghiniúna a bhogadh, agus chuir sé i gcoinne mír fhrithghinmhille a dhaingniú sa Bhunreacht, rud a rinneadh dá bhuíochas. Ba mhóide go mór a chlu a ndearna sé chun an Comhaontú Angla-Éireannach a chur ar bun, rud a lig do Rialtas na Breataine dul i gcomhairle le Rialtas na hÉireann maidir le Tuaisceart Éireann.

Buadh air i dtoghchán na bliana 1987. Sa bhliain 1992 chuaigh sé ar scor agus chrom ar cholún a scríobh do *The Irish Times*. Tamall roimhe sin d'fhoilsigh sé páipéar acadúil a raibh anailís bheacht ann ar mheath na Gaeilge sa 19ú haois de réir staitisticí daonáirimh: 'Estimates for baronies of minimal level of Irish-speaking amongst successive decennial cohorts, 117-1781 to 1861-1871'.³ Áis an-úsáideach í seo ag an té atá ag iarraidh, mar shampla, úsáid na Gaeilge san Astráil a mheas trí staid na teanga i dtréimhsí áirithe a chur i gcómheas le ceantair dhúchais na n-inimirceach. Tá scoláirí na teanga faoi chomaoin aige dá bharr.



An Dáil agus an teanga

Ba dhíol spéise í an tuairisc a rinneadh ar dhíospóireacht sa Dáil ar an nGaeilge le déanaí, agus an rialtas á lochtú as an iomarca béime a chur ar an nGaeltacht.⁴

Dúirt Dinny McGinley, an tAire Gaeltachta, gurbh fhéidir nach mairfeadh an Ghaeilge thar chúig bliana déag eile sa Ghaeltacht agus gurbh é an cúram is mó a bhí air an teanga a chur chun cinn ann. Ach dúirt Catherine Murphy, TD neamhspleách, nach sa Ghaeltacht atá an athbheochan ag titim amach ach i gceantair chathrach. Dúirt sí gur beag nach 'athbheochan frithbhunaíochta' a bhí i gceist. Bhí aird mhór ag an rialtas ar chultúr na Gaeltachta ach ní raibh suim á cur i mbealaí nua chun an teanga a athbheochan. Is iomaí duine, a dúirt sí, nach gcuireann aon spéis mhór i rince Gaelach ná i gcluichí Gaelacha, cé gur rudaí iad a shamhlaíonn daoine éigin leis an nGaeilge, agus ní mór daoine de gach cineál a mhealladh chun na teanga.

Dúirt daoine eile rudaí eile – gur mhór an náire é nach mbaintí breis úsáide as na háiseanna aistriúcháin sa Dáil agus Gaeilge á labhairt, nár chóir an teanga a nascadh le cúrsaí polaitíochta agus gur cheart 'labhairt an Gaeilge' a dhéanamh éigeantach san Ardeist toisc gur air sin a bhí rath na teanga ag brath feasta.

Is é tuairim an Uasail McGinley gur cheart na háiseanna is nua a úsáid sna scoileanna agus Gaeilge á múineadh, mar a dhéantar san Eoraip maidir le teangacha nua-aimseartha.



³ 'Estimates for baronies of minimal level of Irish-speaking amongst successive decennial cohorts, 1771-1781 to 1861-1871'. Volume 84, *Proceedings of the Royal Irish Academy*.

⁴ 'Irish in danger of dying out in Gaeltacht shortly, says FG,' Marie O'Halloran, *The Irish Times*, 27/5/2011.

Bíobla agus Bíobla eile

Tá céadfhóisiú Bhíobla Rí Séamas á cheiliúradh i mbliana, rud is cóir agus is cuí agus an rian a d'fhág sé ar an mBéarla. Agus an scéal mar sin, ba chóir freisin cuimhneamh ar leagan eile de na scríoptúir i dteanga eile a tháinig amach i dtús an 17ú haois – an Tiomna Nua. Nó mar a deir an teideal: *Tiomna nuadh ar dTighearna agus ar Slanaightheora Iosa Criosd, ar na tarruing gu firinneach as Gréigis gu gáioiheilg, re hUilliam O Domhnuill*. I bpríomhchathair na hÉireann a cuireadh amach é: *Ata so ar na chur a gclo a mBailé athá Cliath : A dtigh mhaigistir Uilliam Uiséir chois an droichtio, ré Seón Francke, 1602*.

Nioclás Breathnach (Easpag Osraí), Seán Ó Cearnaigh agus Nehemias Donellan (Ardeaspag Thuama) a thosaigh an t-aistriúchán, agus Uilleam Ó Domhnaill (arbh é comharba Donellan é agus a cailleadh sa bhliain 1628) a chríochnaigh é. Níor scaipeadh go forleathan é agus ní cosúil go raibh fáil ag mórán air ná acmhainn a léite acu go minic, rud a d'fhág (sa tír Chaitliceach neamh-Bhíobalta sin) nach bhféadfadh sé a lorg a fhágáil ar chaint na ndaoine mar a rinne an leagan Béarla.

Bhí an Sean-Tiomna le haistriú fós, obair a rinneadh faoi choimirce Uilleam Bedell (1571-1642), Sasanach, Protastúnach, easpag agus fear a raibh meas ag idir Shasanaigh agus Ghaeil air. Chrom sé ar Ghaeilge a fhoghlaim agus é i gceannas ar Choláiste na Tríonóide, agus d'ordaigh go léifeadh cainteoir dúchais caibidil den Tiomna Nua Gaeilge ar dinnéar agus go léifí paidreacha Gaeilge sa séipéal. (Chuirfeadh seo in iúl go raibh a lán cainteoirí dúchais i measc na mac léinn, rud a bheadh le céill ag an am.) Mar easpag ní cheapfadh sé ach cainteoirí Gaeilge mar mhinistí ina chuid paróistí.

Faoi anáil Bedell a thiontaigh Muircheartach Óg Ó Cíonga an Sean-Tiomna go Gaeilge, le cúnaimh Dhonncha Uí Shirideáin. Aistriúchán é a bhí críochnaithe faoin mbliain 1640 ach nár cuireadh i gcló go dtí an bhliain 1685: *Leabhuir na Seintiomna ar na tarruing go Gaidhlig tre churam & dhuthracht an Doctuir Uilliam Bedel*.⁵ Níor foilsíodh ach timpeall 500 cóip, agus níor tháinig an Sean-Tiomna agus an Tiomna Nua amach le chéile go dtí an bhliain 1690. Timpeall 3,000 cóip a rinneadh an uair seo, agus cuireadh iad chun na hAlban, áit a raibh neart Protastúnach a léifeadh le fonn iad. (Ní raibh leagan Gaidhlig de na scríoptúir le fáil go dtí an chuid dheireanach den 18ú haois.)

Níl aon amhras ná go bhféadfaí Protastúnaigh a dhéanamh de chuid mhaith de mhuintir na na hÉireann trí Ghaeilge ach cur chuige go rianúil agus go ciallmhar, agus go mbeadh éileamh mór ar an mBíobla dá bharr. Ní raibh ach aon Bhedell amháin ann, áfach, chun an obair sin a dhéanamh le tuiscint, agus dá bhrí sin is beag blas scríoptúrach atá le fáil ar an nGaeilge le hais an Bhéarla. Mar sin féin, tá maorgacht agus binneas ag baint leis an mBíobla seo atá inchomórtais lena bhfuil le fáil i dteangacha eile:

20. Agus a dubhairt DÍA, Tugaidís na huisgeadha amach go líonmhur an créatúir corruigheach ann a bhfuil anam, agus éunlaith fhéadfas eiteadh ós cionn na talmhan a bhfiormament shoilléir neimhe. 21. Agus do chruthaidh Dia míola móra, agus gach uile chréatúir beó chorruigheas, noch tugadar na huisgeadha uathu go líonmhur do réir a ccinéil, agus gach uile éun sgiathánach do réir a chinéil; agus do chonnairc DÍA gur mhaith sin. (*Leabhar Geinisis*)

Féach <http://web.mac.com/onlinebible/Bible/IRL1817/IRL1817.html>.

Tá téacs iomlán an Bhíobla seo (eagrán 1817) le fáil ag:

http://books.google.ie/books?id=z5sOAAAAQAAJ&dq=%22Bíobla+Naomhtha%22&printsec=frontcover&source=bl&ots=rP9qdClg6D&sig=n3xAE1w59OvwEcybbkRxwrmEO_g&hl=en&ei=YMj2SeTSH8ahjAf6rvDPDA&sa=X&oi=book_result&ct=result&resnum=1#v=onepage&q&f=false.



⁵ Bhí clú an léinn ar Muircheartach, agus bhain an Sirideánach le muintir a raibh an clú céanna orthu. An leagan den Sean-Tiomna a foilsíodh sa bhliain 1685 bhí sé athcheartaithe ag Andrew Sall, Narcissus Marsh agus eile.

Háítí ar na saolta seo

Níl i Háítí ach an tríú cuid d'óileán Hispaniola; an Phoblacht Dhoiminiceach atá sa chuid eile, agus stair aige atá chomh suaite le stair Háítí féin. Sléibhte, trána geala, coillte, agus aeráid mheirbh Mhuir Chairib. D'fhéadfá a rá nach é an sonas atá i ndán do na Háítigh ach a mhalairt: an t-ár agus an daoirse ar dtús, ansin an t-aintiarnas, an tsaint, an t-achran. Cuirimís tubaistí nádúrtha san áireamh. Ní raibh i gcrith talún na bliana 2010 ach cuid den scéal. Déanann na hanfaí scrios mar a rinne sa bhliain 2008, agus agus is mór an fhadhb é an dífhoraioisiú, rud is cionsiocair le creimeadh talún, maidhmeanna talún agus bochtanas.

Tá rath ar scothaicme na tíre – tithe deasa acu, Francis acu in áit na canúna áitiúla, oiliúint orthu. Ach tá 80% de na Háítigh bocht agus tá 54% ar an anás ar fad. Ní fhaigheann os cionn milliún duine acu a ndóthain le hithe, agus tá os cionn 65% gan obair. Tá boilsciú ard ann agus is beag infheistíocht a dhéantar de bharr díth sábháilteachta, díth tráchtála agus drochionfrastruchtúir. Is mór an tábhacht atá leis an airgead a chuireann na deoraithe abhaile, agus é dhá uair níos mó ná luach na n-earraí a easportáiltear. Is mór an bhearna a bheadh i mbuiséad an rialtais gan chabhair ón iasacht. Tá droch-chaoi ar chúrsaí oideachais, uisce, sláinte agus glaineachta i Háítí. Is fada scolaíocht in easnamh ar fhormhór an phobail. Is deacair teacht ar uisce inólta agus tá cóiriú ag teastáil ón gcóras soláthair. Is beag duine a bhfuil guthán póca aige agus is lú fós an líon daoine a bhfuil an tldirlíon acu.

Labhraítear dhá theanga oifigiúil i Háítí: Francis agus criól Háítíoch, teanga a fásceadh as an hFrancis agus a ndearnadh teanga oifigiúil di sa bhliain 1961. Ní féidir tionchar an Bhéarla a sheachaint ar fad agus na Stáit Aontaithe (áit ar mhaith le mórán Háítíoch a bhaint amach) i mbéal an dorais, ach ní stadfaidh Háítí de bheith an t-aon tír labhartha Francise amháin de chuid Mheiriceá Theas.

Sa bhliain 1825 thug Seárlas X, Rí na Fraince, neamhspleáchas iomlán do Háítí mar mhalairt ar fhiach 150 milliún *francs-or*, suim airgid a laghdaíodh go 90 milliún sa bhliain 1838. (Sa bhliain 2003 d'éiligh an tUachtarán Jean-Bertrand Aristide fiche billiún dollar ar an bhFraince mar chúiteamh.) Ba ghearr go raibh rian an ghanntanais, an dealúis agus na mírialach ar an tír, agus uachtaráin thiarnúla á leanúint a chéile anuas go dtí an fichiú haois. Sna 1880í, mar shampla, ba choitianta an rud í an chaismirt pholaitiúil, agus bhí a dhá oiread airgid á chaitheamh ag an rialtas is a bhí ag teacht isteach. Ba mhinic ceannairí na tíre ag dul i muinín na láimhe láidre. Bhí míchlú ar leith ar dheachtóireacht 'Papa Doc' Duvalier agus a mhac, réimeas a bhí ann idir na blianta 1957 agus 1986 agus ba chúis le méadú mór a theacht ar fhiachas eachtrach na tíre. Ba é Meiriceá a chuidigh le rialtas daonlathach a chur ar bun, cé nach le dea-mhéin ar fad é, Níor tháinig deireadh leis an míriar, ach cealaíodh cuid mhaith den fhiachas eachtrach sa bhliain 2009, cé nach lú fós é ná 780 milliún euró.

Thug an crith talún aird an domhain ar Háítí ar feadh tamaill ghearr, agus léirigh idir dhrochstaid na tíre agus éifeacht (nó neamhéifeacht) na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha a tháinig i dtír le cabhair. Leanann fadhbanna an chabhair chéanna. Is minic nach dtagann an t-airgead a bailíodh de bharr tubaiste chun an dreama atá ina ghátar – goidtear é nó fanann sé i gcuntas bainc go dtí go socraítear conas is fearr é a úsáid. Lena chois sin, is mór an forchostas a bhaineann le heagraíochtaí móra neamhrialtasacha – costas óstán, taistil, foirgneamh. Is iad na heagraíochtaí neamhrialtasacha an dream is mó éifeacht, toisc iad a bheith chomh seiftiúil sin agus gan suim acu ach san obair féin. Ní bhacann an rómhaorlathas iad. A leithéidí seo: *Globaldirt.org*, *grassrootsunited.org* agus *JPHRO (jphro.org)*.⁶ Tá aird an domhain á ndíriú anois ar rudaí eile, ach tá obair le déanamh fós.

⁶ 'From Haiti Hell: Perspectives from the ground a year after the earthquake,' Hugh Bohane, *Groundviews.org*: <http://groundviews.org/2011/05/06/from-haiti-hell-perspectives-from-the-ground-a-year-after-the-earthquake/>. Tá an t-alt sin bunaithe ar agallamh le hAlison Thompson, banaltra Astrálach a chuaigh i gcomhar le Seán Penn, aisteoir Meiriceánach, chun cuidiú le pobal Háítí.

Is díol trua iad mná Háítí agus an oiread sin le fulaingt acu, agus níor chuir an crith talún feabhas ar an scéal. Minic go leor is é an t-aindlí a bhí i bhfeidhm. Bíonn mná á n-éigniú fós ag baiclé fear agus feictear gearrchailí a bhfuil sífilis nó gónairith orthu. Mar a dúirt banaltra áirithe: 'Níl cóir ná cothrom anseo'. Ach tá clinicí le fáil anois timpeall Port-au-Prince, a bhuíochas sin ar *Weadvance.org*, agus iad ag freastal ar na mná.

Tá seiftiúlacht agus fulaingt sna Háítígh de bharr a staire. Éiríonn le mná creaplaithe aire a thabhairt dá gclann, tugann dílleachtaí aire do dhílleachtaí eile atá níos óige. Tá nós ag an rialtas (pé rialtas atá ann) loiceadh orthu. Tá na seanfhadhbhanna gan fuascailt fós: earraí á gcoinneáil sna calaí, brabachóireacht, eagraíochtaí cabhrach ag treabhadh a n-iomaire féin, saint lucht rialtais agus lucht gnó, daoine ag iarraidh a gcuspóirí féin a bhaint amach. Mar a deir an bhanaltra úd: 'Is garbh an gnó í an chabhair dhaonnúil – agus is gnó í gan aon agó!' D'fhéadfadh lucht cabhrach ón iasacht tairbhe mór a dhéanamh maidir le cóiríocht scoileanna, cúrsaí gnó agus athfhoraioisú, ach is é is mó atá teastáil rialtas atá in ann cúram ceart a dhéanamh de ghnóthaí riaracháin. Ní maith an rud é a bheith beo ar an déirc.

Mharódh an galar is lú thú i Háítí. Tá gá i gcónaí le lucht leighis agus beidh go ceann i bhfad eile. Ar na heagraíochtaí leighis is éifeachtaí tá na cinn a leanas: IMAT (<http://www.imateam.org>) agus CMAT (<http://www.canadianmedicalteams.org>). Tá fáilte acu roimh oibrithe deonacha.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@bigpond.com nó chun coling.ryan@ato.gov.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@bigpond.com or to coling.ryan@ato.gov.au.

Leaganacha simplí

An Dáil agus an teanga

I ndíospóireacht sa Dáil dúirt an tAire Gaeltachta gurbh fhéidir nach mairfeadh an Ghaeilge i bhfad sa Ghaeltacht agus gurbh é an cúram ba mhó a bhí air⁷ an teanga a chur chun cinn ann. Ach dúirt Catherine Murphy, Teachta Dála neamhspleách, nach sa Ghaeltacht atá an athbheochan nua ag titim amach ach i gceantair chathrach. Dúirt sí nach raibh suim á cur i mbealaí nua chun an teanga a athbheochan agus go gcaithfear⁸ daoine de gach saghas a mhealladh chun na teanga.

Dúirt daoine eile gur mhór an náire é nach mbaintí breis úsáide as na háiseanna aistriúcháin sa Dáil agus Gaeilge á labhairt. Dúradh nár chóir an teanga a nascadh le cúrsaí polaitíochta agus gur cheart ‘labhairt an Gaeilge’ a dhéanamh éigeantach san Ardteist.

Is dóigh leis an Aire gur cheart na háiseanna is nua⁹ a úsáid sna scoileanna chun Gaeilge a mhúineadh.

□□□□□□□□

Bíobla agus Bíobla eile

Tá Bíobla Rí Séamas á cheiliúradh¹⁰ i mbliana. Ba chóir freisin cuimhneamh ar an Tiomna Nua i Ngaeileg a tháinig amach sa bhliain 1602.

Uilleam Ó Domhnaill a chríochnaigh é ach níor dáileadh¹¹ go forleathan é. Bíobla Protastúnach a bhí ann, agus bhí eolas mór ar an nGaeilge ag na daoine a d’aistrigh é.

Bhí an Sean-Tiomna le haistriú fós, agus rinneadh sin faoi choimirce¹² Uilleam Bedell (1571-1642), Sasanach agus Protastúnach. Bhí meas ag gach duine air. D’fhoghlaim sé Gaeilge agus é i gceannas ar Choláiste na Tríonóide. Nuair a rinneadh easpag de rinne sé deimhin de¹³ nach gceapfaí ina chuid paróistí ach ministrí a raibh Gaeilge acu.

D’aistrigh Muircheartach Óg Ó Cionga an Sean-Tiomna go Gaeilge le cúnaimh Dhonncha Uí Shirideáin. Bhí an t-sistriúchán críochnaithe faoin mbliain 1640 ach nár cuireadh i gcló go dtí an bhliain 1685: Níor foilsíodh ach timpeall 500 cóip, agus níor tháinig an Sean-Tiomna agus an Tiomna Nua amach le chéile go dtí an bhliain 1690.

Níl aon amhras ná go bhféadfaí¹⁴ Protastúnaigh a dhéanamh de chuid mhaith de mhuintir na hÉireann trí Ghaeilge. Dá ndéanfaidís, bheadh éileamh mór ar an mBíobla Gaeilge. Tá maorgacht agus binneas ag baint leis.

□□□□□□□□

Háití ar na saolta seo

⁷ An cúram ba mhó a bhí air – his greatest concern

⁸ Go gcaithfear – that one must

⁹ Na háiseanna is nua – the most modern devices

¹⁰ Á cheiliúradh – being commemorated

¹¹ Níor dáileadh (é) – it was not distributed

¹² Faoi choimirce – under the auspices

¹³ Rinne sé deimhin de – he made certain

¹⁴ Níl aon amhras ná go bhféadfaí – there is no doubt that it would have been possible

Níl i Háítí ach an tríú cuid d'oiléán Hispaniola; an Phoblacht Dhoiminiceach atá sa chuid eile, agus stair shuaite acu beirt – daoirse, aintiarnas agus achrann, gan trácht ar¹⁵ thubaistí nádúrtha. Bhí crith talún i Háítí sa bhliain 2010.

Tá 80% de na Háitigh bocht agus is beag duine a bhfuil guthán póca féin aige.¹⁶ Tá easpa acmhainní orthu agus tá an boilsciú go dona. Is mór an tábhacht atá leis an airgead a chuireann na deoraithe abhaile.

Labhraítear dhá theanga oifigiúil i Háítí: Fraincis agus criól Háitíoch, teanga a tháinig ón bhFraincis agus atá ina teanga oifigiúil anois.

Sa bhliain 1825 fuair Háítí neamhspleáchas iomlán ach bhí cúiteamh mór¹⁷ le híoc aige, cé gur laghdáíodh iad níos déanaí. Bhí rian an ghanntanais agus na mírialach ar an tír riamh. Sa bhliain 1986 tháinig deireadh le deachtóireacht mhuintir, ach níor tháinig feabhas mór ar an tír dá bharr.

Léirigh an crith talún drochstaid na tíre agus éifeacht (nó neamhéifeacht) na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha. Caitheann na heagraíochtaí móra mórán airgid orthu féin, agus is fearr na heagraíochtaí beaga bochta toisc go bhfuil siad níos seiftiúla. Tá aird an domhain á ndíriú anois ar rudaí eile, ach tá obair le déanamh fós.

Is díol trua iad mná Háítí agus an oiread sin le fulaingt acu. Is minic a ionsaítear iad agus is deacair dóibh cabhair a fháil. Ach tá clinici ban le fáil anois timpeall Port-au-Prince, príomhchathair na tíre.

Tá seiftiúlacht agus fulaingt sna Háitigh de bharr a staire. Tá na seanfhadhbhanna gan fuascailt fós: mí-éifeacht, saint agus brabachóireacht. D'fhéadfadh lucht cabhrach ón iasacht tairbhe mór a dhéanamh maidir le cóiríocht scoileanna, cúrsaí gnó agus athfhoraoisiú, ach is é is mó atá teastáil rialtas éifeachtach. Tá gá i gcónaí le lucht leighis.

¹⁵ Gan trácht ar – not to mention

¹⁶ Guthán póca féin – even a mobile phone

¹⁷ Cúiteamh mór – big compensation